

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

CUNTASAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉARDAOIN 13 MEITHEAMH, 2002 – MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn.

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhán

Is ceadmhach áireamhán a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibríthe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair **Ceist 1 nó DHÁ** cheist ar bith eile

1. Cuntais Chríochnaitheacha Chuideachta Déantúsaíochta

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Thallúin Tta., ar 31/12/2001.

	€	€
Scairchaipiteal		
Údaraithe - 800,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		
Eisithe - 550,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		550,000
Gléasra agus Innealra (Costas €170,000)	120,000	
Trealamh Oifige (Costas €24,000)	18,000	
Foirgnimh Mhonarchan	470,000	
Paitinní	60,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	36,800	44,000
Bintiúir 10% (eisithe ar 1/4/2001)		80,000
Stoic 1/1/2001		
Amhábhair	35,000	
Obair idir lámha	27,000	
Earraí Críochnaithe	42,000	
Ceannacháin Amhábhair	430,000	
Díolacháin		642,000
Tuarastail Mhonarchan	70,000	
Speansais dhíreacha	10,000	
Aischiú isteach	2,000	
Stáiseanáireacht	1,600	
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		1,500
Díolachán Dramhábhair		6,000
Táillí Stiúrthóirí	30,000	
Speansais Fógraíochta	8,800	
Árachas Monarchan	6,600	
Solas agus Teas don Mhonarcha	9,500	
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais (1/1/2001)		21,000
CBL		5,100
Banc		27,700
	<u>1,377,300</u>	<u>1,377,300</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2001:
- | | |
|----------------------|---------|
| Amhábhair; | €32,000 |
| Obair idir lámha; | €38,000 |
| Earraí Críochnaithe. | €47,000 |
- (ii) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímhéasa mar seo a leanas:
- | | |
|-----------------------|------------------------------------|
| Gléasra agus Innealra | - 20% den chostas |
| Trealamh Oifige | - 10% den luach de réir na leabhar |
| Foirgnimh | - 2% den chostas |
- (iii) Ba chóir an pá a roinnt - 80% ar phá díreach agus 20% ar phá maoirseora.
- (iv) Bhain an tÁrachas Monarchan leis an mbliain dar chríoch 31/3/2002.
- (v) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'Ús dlite ar Bhintiúir.
- (vi) Tá Earraí Críochnaithe le haistriú ón monarcha ar a Luach Reatha ar an Margadh €580,000.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Déantúsaíochta don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (40)
- (b) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (40)
- (c) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2001. (40)

(120 marc)

2. Ráiteas Imréitigh Baine

Leagtar amach thíos Cuntas Baine agus Ráiteas Baine Mháire Mhic Thomáis do mhí Aibreáin 2002.

		<u>Cuntas Baine</u>			
		€			
Aibreán 1	Iarmhéid tugtha ar aghaidh	1,120	Aibreán 5	P. Mac Sheáin	567891 690
Aibreán 9	Díolacháin Lóisteáilte	1,220	Aibreán 7	Cíos	567892 300
Aibreán 16	Lóisteáil	1,600	Aibreán 10	M. Breathnach	567893 280
Aibreán 29	Díolacháin Lóisteáilte	1,750	Aibreán 12	S. Ó Grádaigh	567894 220
			Aibreán 13	P. Mac Aodha	567895 512
			Aibreán 14	Árachas	567896 1,260
			Aibreán 18	S. Ó Maoillia	567897 140
			Aibreán 30	Iarmhéid tugtha	
				ar aghaidh	<u>2,288</u>
					<u>€5,690</u>

Ráiteas Baine ar 31/4/2002

		Dochar	Sochar	Iarmhéid
		€	€	€
Aibreán 1	Iarmhéid tugtha ar aghaidh			1,120
Aibreán 4	Ús Faighte		120	1,240
Aibreán 7	567891 - P Mac Sheáin	690		550
Aibreán 9	567892 - Cíos	300		250
Aibreán 9	Lóisteáil		1,220	1,470
Aibreán 13	567893 – M. Breathnach	280		1,190
Aibreán 14	S. Ó Foghlú (R/D a obadh)	230		960
Aibreán 16	Lóisteáil		1,600	2,560
Aibreán 16	567895 - P Mac Aodha	512		2,048
Aibreán 17	567896 - Árachas	1,260		788
Aibreán 20	Táillí Baine	33		755
Aibreán 24	Buanordú	320		435
Aibreán 26	T. de Brún	160		275

Nóta: An €160 a iontráladh sa Ráiteas Baine ar Aibreán 26, breacadh do dhochar chuntas Mháire Mhic Thomáis é trí earráid, seachas do chuntas Mhichíl Mhic Thomáis.

Iarrtar ort:-

- (a) Cuntas Baine Coigeartaithe do Mháire Mhic Thomáis a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a tharraingt anuas. (35)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 30/4/2002 ag réiteach an Chuntas Choigeartaithe Airgid leis an iarmhéid Ráiteas Baine. (25)

(60 marc)

3. Taifid Neamhiomlána – Glanfhiúchas.

Níor choinnigh Séamas Ó Treasaigh, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh ar fáil na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnólacht ar 1/1/2001:

	1/1/2001
	€
Stoic	33,300
Féichiúnaithe	27,600
Árachas Réamhíoctha	1,500
Áitreabh	350,000
Troscán agus Trealamh ar a gcostas	22,000
Mótarfheithiclí ar luach na leabhar	27,200
Dímheas Carntha ar throscán agus ar Threalamh	6,600
Rótharraingt Baine	11,500
Creidiúnaithe	31,600
Speansais Dlite	1,600

Cuir Ó Treasaigh an t-eolas seo a leanas ar fáil chomh maith ar 31/12/2001:

- (i) I gcaitheamh na bliana aistríodh €15,000 ó chuntas bainc pearsanta go dtí an cuntas bainc gnó.
- (ii) I gcaitheamh na bliana, bhí Ó Treasaigh tar éis €1,500 a íoc as cistí gnó i leith deisiúcháin ar theach príobháideach agus bhí earraí ar luach €600 sa mhí tógtha aige dá úsáid phearsanta.

Mheas Ó Treasaigh sócmhainní agus dliteanais an ghnólachta ar 31/12/2001 mar €490,000 agus €27,000 faoi seach sula gcuirtear san áireamh dímheas ar Throscán agus ar Threalamh ar ráta 20% dá gcostas, mar aon le dímheas ar Mhótarfheithiclí ar ráta 20% dá luach de réir na leabhar, agus speansais dlite €800.

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas a ullmhú ag taispeáint Glanfhiúchas/Caipiteal Uí Threasaigh ar 1/1/2001. (20)
 - (b) Ráiteas a ullmhú ag taispeáint Brabús nó Cailteanas Uí Threasaigh don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (40)
- (60 marc)**

4. Dímheas agus Athluacháil Shócmhainní Seasta

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Thalbóid Tta:

- 1/ 1/2000 Foirgnimh ar a gcostas €300,000 go hiomlán.
- 1/ 1/2000 Ba é an t-iarmhéid sa Cuntas Sholáthar in aghaidh Dímheasa ná €45,000.
- 1/ 4/2000 Cheannaigh foirgnimh ar €140,000.
- 1/ 4/2000 Dhíol foirgneamh ar €160,000 a chosain €90,000. Ba é €81,000 luach na bhfoirgneamh seo ar na leabhair ar 1/4/2000.
- 31/12/2000 Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2000 ná €6,750.
- 1/01/2001 Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €400,000.
- 31/12/2001 Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar ráta 2% de luach na bhfoirgneamh ar 1/1/2001.

Iarrtar ort a thaispeáint:

- (a) Cuntas na bhFoirgneamh don dá bhliain 2000 agus 2001. (15)
- (b) An Cuntas Sholáthar in aghaidh Dímheasa don dá bhliain 2000 agus 2001. (20)
- (c) Cuntas Dhiúscairt na bhFoirgneamh don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (15)
- (d) An Cuntas Chúlchiste Athluachála. (10)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair DHÁ cheist ar bith

5. Míniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Tyndall Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2001.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2001

	€	€
Díolacháin Chreidmheasa		660,000
Lúide costas díolachán		
Stoc 1/1/2001	58,000	
Ceannacháin	<u> ?</u>	
Lúide Stoc 31/12/2001	<u>60,000</u>	<u> ?</u>
Ollbhrabús		130,000
Lúide Speansais Iomlána (ús san áireamh)		<u>53,000</u>
Glanbhrabús		<u><u>77,000</u></u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2001

	€	€
Sócmhainní Seasta		340,000
Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe €55,000 san áireamh)	116,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain.		
Creidiúnaithe Trádála	<u>66,000</u>	<u>50,000</u>
		<u><u>390,000</u></u>
Maoinithe ag		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite i ndiaidh bliana amháin nó níos mó.		
Bintiúir 10% (2005/2007).		75,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna		270,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>45,000</u>
		<u><u>390,000</u></u>

(a) Iarrtar ort a ríomh agus a thaispeáint:

- (i) An méid ceannachán.
- (ii) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.
- (iii) An tréimhse creidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
- (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)

(b) Mínigh iad seo a leanas:

- (i) Bintiúir 10% (2005/2007).
- (ii) Díbhinn Tosaíochta.
- (iii) Láimhdeachas Stoic.
- (iv) Cistí Scairshealbhóirí. (40)

(c) An mbeadh aon deacracht ag an ngnólacht thuas a chuid billí a íoc de réir mar a bheidh siad dilte? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é 13% an toradh a bhí ar chaipiteal in úsáid don bhliain 2000, léirigh do thuairim i dtaobh bhrabúsacht an ghnólachta faoi láthair. (10)

6. Cuntais Club

San áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais Chlub Peile “na bhFánaithe” ar 1/1/2001 bhí siad seo a leanas:

Clubtheach agus Talamh €360,000; Trealamh €8,000; Infheistíochtaí €16,000; Stoic Beáir €1,400; Síntiúis Bhallraíochta dlite €400; Creidiúnaithe Beáir €1,000; Speansais dlite €2,400.

Seo a leanas achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain dar chríoch 31/12/2001.

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Airgead ar láimh - 1/1/2001	2,200	Ceannacháin Bheáir ar Airgead Tirim	36,000
Ús	800	Ceannach Trealamh	3,200
Táillí Ballraíochta	7,600	Speansais Ghinearálta	48,300
Diolacháin Bheáir	66,400	Costais Dhíolachán Cisté	440
Fáltais Dhíolachán Cisté	2,700	Creidúnaithe Beá	2,100
Urraíocht	18,000	Iarmhéid Airgid - 31/12/2001	8,860
Bronntanais	<u>1,200</u>		
	<u>98,900</u>		<u>98,900</u>

Chuir an cisteoir an t-eolas seo a leanas mar a bhí ar 31/12/2001 ar fáil freisin

- (i) Ba é €1,800 an Stoc Beáir
- (ii) Creidiúnaithe Beáir €1,650
- (iii) Speansais réamhíochta €350
- (iv) Síntiúis réamhíochta €800
- (v) Trealamh ar láimh ar 31/12/2001 le dhímheas de réir 25%
- (vi) Déan an clubtheach a dhímheas ar 2% den chostas.

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas a ullmhú a thaispeánfaidh Ciste Carntha an Chlub ar 1/1/2001. (20)
- (b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (40)
- (c) Clár Comhardaithe an Chlub a ullmhú ar 31/12/2001. (30)
- (d) Mínigh an difríocht idir an Iarmhéid Dheiridh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an iarmhéid dheiridh sa Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí. (10)

7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Tharpaigh Tta.

Sliocht Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2001

	€
Brabús Oibriúcháin	113,000
Ús íoctha	<u>(7,000)</u>
	106,000
Cáin	<u>(25,000)</u>
	81,000
Díbhinn mholta	<u>(35,000)</u>
Brabús choinnithe don bhliain	46,000
Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 1/1/2001	<u>63,000</u>
Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 31/12/2001	<u>109,000</u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar	31/12/2001		31/12/2000	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	490,000		380,000	
Lúide Soláthar in aghaidh dímheasa	<u>55,000</u>	435,000	<u>48,000</u>	332,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	131,000		109,000	
Féichiúnaithe	82,000		67,000	
Airgead	<u>6,000</u>		<u>11,000</u>	
	<u>219,000</u>		<u>187,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe	85,000		72,000	
Cáin	25,000		24,000	
Díbhinn mholta	<u>35,000</u>		<u>30,000</u>	
	<u>(145,000)</u>		<u>(126,000)</u>	
Sócmhainní Reatha Glan		<u>74,000</u>		<u>61,000</u>
Socmhainní Iomlána Glan		<u>509,000</u>		<u>393,000</u>
Maoinithe ag:				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin				
Bintiúir 10%		100,000		70,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáth-scairchaipiteal eisithe		300,000		260,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>109,000</u>		<u>63,000</u>
		<u>509,000</u>		<u>393,000</u>

Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid ó imeachtaí oibriúcháin. (30)
- (b) An ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú d' Ó Tarpaigh Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2001 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (i) Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
 - (ii) Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
 - (iii) Cáin
 - (iv) Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais (Gníomhaíochtaí Infheistíochta)
 - (v) Díbhinn chothromais/gnáth dhíbhinn íoctha
 - (vi) Airgeadú (70)

(100 marc)

ROINN 3 (200 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

8. Cuideachta bheag giurnálaíochta is ea Ardspéir Tta., a bhfuil na costais bhuiséadaithe seo a leanas aici don bhliain seo roimpi:

Amhábhair díreacha	€260,000	
Saothar díreach	€35,000	
Forchostais monarchan	€56,000	
Uaireanta saothair	8,000	Uair
Uaireanta meaisín	14,000	Uair

Seo a leanas sonraí ordú custaiméara uimhir 1014:

Amhábhair dhíreacha	€9,000	
Uaireanta saothair dhíreach	220	Uair
Uaireanta meaisín	310	Uair

Iarratar ort a ríomh:

- (a) An uair-ráta meaisín ionsú forchostais.
- (b) An uair-ráta saothair dhíreach ionsú forchostais.
- (c) Costas jab uimhir 1014 de réir an uair-ráta meaisín ionsú forchostais.
- (d) Costas jab uimhir 1014 de réir an uair-ráta saothair dhíreach ionsú forchostais.
- (e) Costas díolachán jab uimhir 1014 leis an gcustaiméir de réir an dú uair-ráta ionsú forchostais agus marcáil suas 20% den chostas san áireamh. **(80 marc)**

9. **Buiséadú Airgid**

Seo a leanas na Sócmhainní, na Dliteanais agus an Caipiteal a bhí ag S. Ó Tiomáin ar 1 Eanáir 2002.

Sócmhainní	€
Sócmhainní seasta	240,000
Stoc	16,800
Féichiúnaithe	44,000
Airgead tirim	<u>2,200</u>
	303,000
Dliteanais	
Creidiúnaithe	<u>57,000</u>
Caipiteal	<u>246,000</u>

Measann sé gur mar seo a bheidh na díolacháin agus na ceannacháin go ceann 5 mhí:

	Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Iomlán
Díolacháin	€80,000	€75,000	€85,000	€95,000	€100,000	€435,000
Ceannacháin	€55,000	€58,000	€64,000	€62,000	€70,000	€309,000

- Bíonn na díolacháin uile ar cairde agus íoctar astu mí ghlan tar éis mhí an díolacháin.
- Bíonn na ceannacháin uile ar cairde ach amháin €15,000 de cheannacháin mí na Bealtaine agus íoctar astu mí tar éis mhí an cheannacháin.
- Tá an t-áitreabh ar cíos ag Ó Tiomáin ar €12,000 sa bhliain agus é iníoctha in aghaidh na míosa.
- Pá ar €5,000 sa mhí.
- Trealamh ceannaithe mí na Bealtaine ar €7,000.
- Meastar an stoc deiridh ar 31/5/2002 ar €18,800.
- Meastar an glanbhrabús 5 mhí ar €98,000.

Iarrtar ort a ullmhú:-

- (a) Buiséad airgid a léireoidh na fáltais agus na híocaíochtaí a bhfuil súil leo sa chúig mhí Eanáir go Bealtaine, 2002.
- (b) Clár Comhardaithe Buiséadaithe mar a bheadh ar 31/5/2002.

(80 marc)